Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 37

# Coimirce Shóisialach

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, ar íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ar dheontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain

agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €143.68 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar***

Leanann an Roinn ag gníomhú mar ghníomhaire íoca don Roinn Airgeadais chun dliteanais cheadaithe íocaíochtaí cnapshuime phinsinéirí Chriostal Phort Láirge a íoc agus chun íocaíochtaí pinsean leanúnacha Chriostal Phort Láirge a dhéanamh faoi Alt 48B d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014. Tarraingíonn an Roinn maoiniú anuas ón bPríomh-Chiste agus aistríonn an Roinn é chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, a chuir tús leis na híocaíochtaí aonair a phróiseáil i mí Dheireadh Fómhair 2017. Déanann an Roinn Airgeadais na suimeanna a íocadh a thuairisciú sna Cuntais Airgeadais.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ró-íocaíochtaí a aisghabháil***

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta/tacaíochta ioncaim i gcuntas mar a leanas.

- Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i gcuntas ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna neamh-mheaitseáilte aisghabhála ar fionraí agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam, agus laghdú comhfhreagrach á dhéanamh ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 an

príomhfhaighteoir fáltas ró-íocaíochtaí, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), de réir mar is cuí.

- Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca le blianta cuntasaíochta roimhe seo mar ioncam don bhliain reatha chuntasaíochta. Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

***Íocaíochtaí a aithint***

Is ionann íocaíochtaí agus na suimeanna a íoctar i rith na bliana. Meastar go bhfuil suimeanna tagtha isteach nuair a bhíonn íocaíocht á déanamh sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar trí An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh gur ghá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách gur mar réamhíocaíochtaí a aithnítear íocaíochtaí a eisítear go luath trí chistí leictreonacha a aistríonn bainc nó luathchasadh ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin. Faoi shocruithe nua baincéireachta a cuireadh i bhfeidhm le linn 2020, eisíonn an Roinn cistí don bhanc lá amháin roimh íocaíochtaí custaiméirí. Leanadh leis an bpróiseas seo in 2021 agus cuirtear na híocaíochtaí maoinithe sin ar áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Sócmhainní caipitil a rialú***

Leanadh in 2021 le plean ilbhliana chun aghaidh a thabhairt ar shainaithint sócmhainní lena n-áirítear díscríobh agus aistrithe, clibeáil sócmhainní agus fardail thréimhsiúla, rud ar tosaíodh ar a gcur chun feidhme in 2019.

Lean an Roinn lena hathbhreithniú ar na cláir sócmhainní i rith 2021. Mar thoradh air seo, sainaithníodh sócmhainní bogearraí TF ar an gclár a bhí as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a cuireadh in ionad agus sócmhainní troscáin agus feisteas a bhí as feidhm agus/nó a raibh luachanna aonair faoi bhun €1,000 orthu. Roimh mhí an Mhárta 2020, rinne an Roinn sócmhainní ar lú a luach ná an tairseach €1,000 a chaipitliú (€10,000 anois). Díscríobhadh thart ar €78.68 milliún de shócmhainní in 2021. Bhí glanluach leabhar na sócmhainní seo nialas ag an 31 Nollaig 2021. Leanfaidh glanadh sonraí leanúnach an chláir sócmhainní lena chinntiú gur féidir sócmhainní a rianú ón gclár sócmhainní ar ais go fardal fisiceach nó a chomhionann.

Forbraíodh formáid nua clibeanna/barrachód in 2019 i gcomhar le conraitheoirí tacaíochta TF na Roinne. Tá an fhormáid barrachód sócmhainní comhoiriúnach le pleananna Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais amach anseo. Tá clibeanna á dtáirgeadh ag an Roinn faoi láthair le haghaidh bhreiseanna na bliana 2017 (clibeáladh breiseanna sócmhainní seasta na mblianta 2018 agus 2019 in 2020), agus ceanglófar clibeanna sócmhainní na bliana 2017 le sócmhainní ábhartha le linn 2022. Leanfar le sócmhainní a fuarthas níos luaithe agus atá fós in úsáid a chlibeáil in 2022.

Úsáideann an Roinn pacáiste bogearraí sócmhainní seasta ar a dtugtar Lansweeper chun tabhairt faoi scanadh fardail seachtainiúil ar chrua-earraí agus bogearraí TF. Is féidir leis an Roinn tuairiscí a rith ar bhonn seachtainiúil, míosúil, nó ad hoc chun a fháil amach cad iad na sócmhainní TF atá nasctha le líonra na Roinne.

Tar éis an mhór-athbhreithnithe ar na cláir sócmhainní atá sonraithe thuas, sheol an Roinn sonraí fardail chuig 46 réimse gnó chun a dheimhniú go bhfuil troscán agus feistis ann. B’ionann luach iomlán na bhfardal seo agus €3.04 milliún (costas bunaidh). Cuirfear an próiseas seo i gcrích ar bhonn uainíochta chun clúdach gach réimse gnó a chinntiú thar roinnt blianta.

***Réitigh fiachais***

Cumasaítear le córas cuntasaíochta fiachais agus fáltas (CCFF) na Roinne fiachas a thaifeadadh agus a bhreacadh go huathoibríoch a rinneadh a aisghabháil in oifigí INTREO, óna cuntais bhainc fála agus trí asbhaint a dhéanamh ó íocaíochtaí na Roinne le custaiméirí.

Ó tugadh CCFF isteach go déanach in 2014, rinneadh sna ráitis bhliantúla faoi rialú inmheánach airgeadais tagairt do dhifríochtaí neamhréitithe maidir le féichiúnaithe a bhain le CCFF, suimeanna a aisghabhadh agus iarmhéideanna bainc agus airgid thirim. Chuir an Roinn acmhainní breise i bhfeidhm sa réimse seo agus tá dul chun cinn suntasach déanta aici ar dhul i ngleic leis na saincheisteanna seo.

***Suimeanna neamh-mheaitseáilte***

Déanann custaiméirí ró-íoctha aisíocaíochtaí, amanna, gan dóthain sonraí le ceangal a dhéanamh idir an fiachas seo agus a bhfiachas atá le híoc go fóill. Mar thoradh air sin, i gcásanna áirithe, tá srian ar an Roinn na suimeanna seo a shainaithint agus a mheaitseáil leis an gcustaiméir. Ní bhíonn sé sin ag tarlú chomh minic céanna ó d’aistrigh an Roinn a cuntais chuig Danske Bank in 2020. D’fhéadfaí a áireamh le suimeanna neamh-mheaitseáilte suimeanna a próiseáladh sular tháinig fiachais agus íocaíochtaí custaiméara aníos a dteastaíonn aisíocaíochtaí uathu. Ó cuireadh CCFF i bhfeidhm in 2014, próiseáladh breis agus €549 milliún d’fháltais agus aisghabhálacha ró-íocaíochtaí asbhainte scéime. Amhail an 31 Nollaig 2021, is é an tsuim iomlán a cuireadh i gcuntas i gcóras cuntasaíochta na Roinne i dtaobh aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí €3.8 milliún (2019: €4.7 milliún).

Leanann an obair ar na suimeanna neamh-mheaitseáilte seo a réiteach. Is éard a bhaineann leis an obair atá á déanamh: (a) fáltais neamh-mheaitseáilte chustaiméara atá ar fionraí ar CCFF a réiteach le fáltais neamh-mheaitseáilte ar chóras cuntasaíochta na Roinne; agus (b) anailís ar aois na bhfáltas sin d’fhonn na suimeanna sin a rinneadh a imscrúdú go hiomlán ach nár réitíodh go fóill a chur i gcuntas go buan.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud ag a bhfuil pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí agus a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre, agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 93 chonradh (ar mhó a luach ná €25,000) dar luach iomlán €32,209,365 (gan CBL a áireamh) mar atá leagtha amach thíos:

- Cúig chonradh is fiche le soláthraithe seirbhíse lenar bhain caiteachas iomlán €18,622,933 in 2021 chun seirbhísí fostaíochta áitiúla a sholáthar ar fud an Stáit. Cuireadh moill ar na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta de dheasca na paindéime. Foilsíodh iarrataí ar thairiscintí (RFT) chun na seirbhísí sin a athnuachan in 2021 (céim 1 i Ráithe 2 agus céim 2 i Ráithe 4). Dámhadh conarthaí do chéim 1 i mí na Nollag 2021. Tá cleachtadh soláthair déanta don tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil do Chomhpháirtithe Intreo nua. Tháinig deireadh le gach conradh de chuid na Seirbhíse Fostaíochta Áitiúla an 31 Lúnasa 2022. Fógraíodh na tairgeoirí roghnaithe do Chéim 2 don tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil do Chomhpháirtithe Intreo nua, tá na socruithe conartha á dtabhairt chun críche agus tá oibríochtaí á slógadh i 16 cinn de na 17 mBeart a fógraíodh. Tá moill ar an gconradh a thabhairt ar ais i gceist le Beart amháin.
- Ceithre chonradh is fiche le soláthraithe seirbhíse lenar bhain caiteachas iomlán €8,578,242 in 2021 chun an tSeirbhís Infhostaitheachta a sholáthar ar fud an Stáit. Cuireadh moill dhosheachanta ar chéimeanna chun na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta mar gheall ar an bpaindéim. Tá tús curtha ag an Roinn le teagmháil leis na páirtithe leasmhara agus leis na comhlachtaí ionadaíocha a oibríonn na seirbhísí seo faoi láthair thar ceann na Roinne. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an Roinn ar an gcaoi ar cheart seirbhísí den sórt sin a sholáthar agus a sheachadadh ar bhonn leanúnach de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí.
- Daichead conradh le soláthraithe seirbhíse lenar bhain caiteachas iomlán €4,197,749 in 2021 chun seirbhís na gClubanna Post a sholáthar ar fud an Stáit. Cuireadh moill ar na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta de dheasca na paindéime. Foilsíodh iarrataí ar thairiscintí chun na seirbhísí seo a athnuachan in 2021 (céim 1 i Ráithe 2 agus céim 2 i Ráithe 4). Dámhadh conarthaí do chéim 1 i mí na Nollag 2021. Tá cleachtadh soláthair déanta don tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil do Chomhpháirtithe Intreo nua. Tháinig deireadh le gach conradh do Chlubanna Post an 31 Lúnasa 2022. Fógraíodh na tairgeoirí roghnaithe do Chéim 2 don tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil do Chomhpháirtithe Intreo nua, tá na socruithe conartha á dtabhairt chun críche agus tá oibríochtaí á slógadh i 16 cinn de na 17 mBeart a fógraíodh. Tá moill ar an gconradh a thabhairt ar ais i gceist le Beart amháin.

- Cuireadh síneadh le conradh amháin chun cláir oideachais a sholáthar d'fhoireann RCS ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann (CCÉ) go mí Iúil 2023 chun soláthar na sraithe reatha clár oideachais creidiúnaithe a éascú go dtí go rachaidh dámhachtainí QQI in éag i mí na Samhna 2023. Tabhaíodh caiteachas €69,020 (gan CBL a áireamh) in 2021. Tá próiseas iarrata ar siúl faoi láthair, agus é beagnach críochnaithe.
- Conradh amháin a rinneadh chun feabhsuithe a dhéanamh ar ParP/Oracle Financials do Chuntas Steirling nua CÁS mar chuid den aistriú chuig Danske Bank, rud a thabhaigh caiteachas €162,754. Tá an conradh seo críochnaithe anois.
- Chuir OGP in iúl don Roinn an 26 Iúil go dtiocfadh conradh nua d'earraí inchaite TFC i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2021. Bhí deacrachtaí ag an soláthraí nua roinnt táirgí a aimsiú ar dtús agus níor cuireadh dóthain ama ar fáil don chreat nua chun nósanna imeachta oibríochta nua a bhunú don fhoireann a bhí ag ordú earraí ó iliomad suíomhanna. D'fhonn ár seirbhísí a choinneáil ar bun do chustaiméirí agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaí riachtanais leanúnachais ghnó, ba ghá leanúint ar aghaidh leis an soláthraí roimhe go dtí go réiteofaí na deacrachtaí leis an soláthraí nua. Mar thoradh air sin, tabhaíodh caiteachas €259,149 in 2021.
- Conradh leanúnach seirbhísí aistriúcháin atá liostaithe ar thuairisceán na bliana 2020 maidir le ciorclán 40/02, rud a thabhaigh caiteachas €319,518 in 2021. Bhí agóidí dlí ann maidir le hiarraidh ar thairiscintí a d'eisigh an Roinn agus, chun leanúnachas gnó a chinntiú, bhí sé riachtanach an conradh seo a choinneáil i bhfeidhm. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí i mí Iúil. Ba é an 26 Lúnasa 2022 an dáta deiridh le haghaidh tairiscintí agus tá siad á meas faoi láthair.

Chuir an Roinn sonraí faoi 99 gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an réimse gnó atá freagrach as na gníomhartha rioscaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2021 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

B'ionann caiteachas iomlán tacaíochta Covid-19 le linn 2021 agus €8.6 billiún, rud a bhí roinnte idir Vóta 37 (€4.6 billiún) agus CÁS (€4 billiún). Maoiníodh íocaíochtaí na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus na Scéime Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) le Vóta 37 agus mhaoinigh CÁS caiteachas na hÍocaíochta Dífhostaíochta Paindéime do 2021.

Riarann na Coimisinéirí Ioncaim SFSP agus SFPF araon thar ceann na Roinne. Gearradh íocaíochtaí €4.6 billiún san iomlán ar Vóta 37 do 2021 – €16.1 milliún i ndáil le SFSP agus €4.6 billiún i ndáil le SFPFS.

Reachtaíodh SFSP faoi alt 28 den Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020.

Reachtaíodh SFPF faoin Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020, agus síníodh ina dhlí é an 1 Lúnasa 2020. Cuireadh Alt 28B isteach san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020. Foráladh leis sin do SFPF a thabhairt isteach an 1 Meán Fómhair 2020, rud a tháinig in áit SFSP.

Cé gur chríochnaigh SFSP an 30 Lúnasa 2020, tugadh faoi thascanna riaracháin áirithe as ar eascair íocaíochtaí SFSP i gcásanna áirithe le linn 2021.

Bím ag brath ar litreacha dearbhuithe ó Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir leis an riarachán agus na híocaíochtaí a dhéantar faoin dá scéim.

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais i gCuntais 2020 na Roinne, tharla sé, i rith na bliana sin, gur ghá ath-imlonnú forleathan a dhéanamh ar an bhfoireann laistigh den Roinn agus srianta a chur i bhfeidhm ar ghluaiseacht phearsanta agus ar idirghníomhaíochtaí mar gheall ar na srianta sláinte poiblí. Bhí tionchar urghnách aige sin ar an margadh saothair, rud as ar tháinig méadú gan fasach ar an dífhostaíocht. Sa chomhthéacs seo, b'éigean cuid de na gnáthbhearta rialaithe a d'oibreodh i dtimpeallacht chaighdeánach (mar shampla, cuardaitheoirí poist a ghlaoch chun agallaimh in ionaid Intreo) a chiorrú nó a chur ar fionraí. Bhí na bearta a rinneadh cuí agus comhréireach araon chun cloí leis na srianta sláinte poiblí agus chun a chinntiú go bhféadfadh an Roinn acmhainní foirne a úsáid chun freastal ar an gcúram tosaíochta a bhaineann le próiseáil, íoc agus coinneáil éileamh a bhaineann le Covid-19. Nuair ab fhéidir, agus nuair a ceadaíodh infhaighteacht foirne agus srianta sláinte poiblí, athbhunaíodh bearta rialaithe den sórt sin nó baineadh úsáid as modhanna malartacha a mhéid is féidir (e.g., agallaimh ghutháin le custaiméirí).

Cé gur lean an tionchar ar rialuithe scéime ar aghaidh in 2021, bhí na tionchair sin níos lú, tríd is tríd, ná iad sin in 2020 mar gheall ar roinnt rialuithe scéime a athbhunú tuilleadh agus bearta rialaithe malartacha a thabhairt isteach, nuair ab fhéidir de réir foinsiú foirne.

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

28 Meán Fómhair 2022

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 37 Coimirce Shóisialach

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu faoi eisceacht.

#### *Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh*

I gCaibidil 10 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, tagraítear d'íocaíochtaí leasa atá de bhreis ar theidlíocht faoi scéimeanna arna n-oibriú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Measaim an leibhéal measta íocaíochtaí neamhrialta leasa a bheith ábhartha do Vóta 37, mar atá mínithe sa chaibidil.

#### *Aisghabháil íocaíochtaí sochair agus cúnaimh tar éis dámhachtainí cúitimh*

I gCaibidil 11 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear na próisis atá i bhfeidhm ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a aisghabháil ó dhámhachtainí cúitimh arna ndéanamh le héilitheoirí mar thoradh ar éilimh dhíobhála pearsanta. Taifeadtar sa chuntas leithreasa na haisghabhálacha a fuarthas i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh a muirearaíodh ar Vóta 37 ar dtús.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d’fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m’iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m’iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 37 Coimirce Shóisialach

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | | | | |
| Riarachán | | | | |
| *Bunaidh* | 606,503 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 910 | | | |
| *Forlíontach* | (40,000) | | | |
| | | 567,413 | 544,707 | 536,309 |
| Pinsin | | | | |
| *Bunaidh* | 1,066,077 | | | |
| *Forlíontach* | 19,593 | | | |
| | | 1,085,670 | 1,083,119 | 1,048,546 |
| Aois oibre – tacaí ioncaim | | | | |
| *Bunaidh* | 2,450,199 | | | |
| *Forlíontach* | (27,169) | | | |
| | | 2,423,030 | 2,354,248 | 3,794,149 |
| Aois oibre – tacaí fostaíochta | | | | |
| *Bunaidh* | 3,290,654 | | | |
| *Forlíontach* | 1,898,084 | | | |
| | | 5,188,738 | 5,171,571 | 4,717,276 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | | | |
| *Bunaidh* | 3,308,293 | | | |
| *Forlíontach* | (39,235) | | | |
| | | 3,269,058 | 3,257,599 | 3,203,725 |
| Leanaí | | | | |
| *Bunaidh* | 2,635,040 | | | |
| *Forlíontach* | (76,100) | | | |
| | | 2,558,940 | 2,557,600 | 2,608,327 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, etc. | | | | |
| *Bunaidh* | 565,434 | | | |
| *Forlíontach* | 9,785 | | | |
| | | 575,219 | 577,641 | 564,028 |
| Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh | | | | |
| *Bunaidh* | 3,764,837 | | | |
| *Forlíontach* | (1,174,677) | | | |
| | | 2,590,160 | 2,606,030 | — |

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| *Bunaidh* | 17,687,037 | | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 910 | | | | |
| *Forlíontach* | 570,281 | | | | |
| | | **18,258,228** | **18,152,515** | | **16,472,360** |
| *Lúide* | | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| *Bunaidh* | 297,070 | | | | |
| *Forlíontach* | 96,740 | | | | |
| | | **393,810** | **432,977** | | **201,541** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| *Bunaidh* | 17,389,967 | | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 910 | | | | |
| *Forlíontach* | 473,541 | | | | |
| | | **17,864,418** | **17,719,538** | | **16,270,819** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €1.2 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith na ngnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A.2 (v) agus A.2 (vi) anonn go 2022.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 144,880,093 | 862,853,290 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,200,000) | (910,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **143,680,093** | **861,943,290** |

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

28 Meán Fómhair 2022

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 17,607,808 | 15,936,051 |
| Pá | | 310,417 | 298,995 |
| Neamhphá | | 234,290 | 237,314 |
| **Ollchaiteachas** | | **18,152,515** | **16,472,360** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **432,977** | **201,541** |
| **Glanchaiteachas** | | **17,719,538** | **16,270,819** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (15,890) | | |
| Dímheas | 26,676 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt/díscríobh | 1 | 10,787 | (6,657) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (869) | | |
| Laghdú ar stoc | 86 | (783) | 13,136 |
| **Caiteachas díreach** | | **17,729,542** | **16,277,298** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 98,351 | 92,663 |
| Measchíosanna | | 14,386 | 14,386 |
| **Glanchostas an chláir** | | **17,842,279** | **16,384,347** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 37 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | 287 | 370 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 83,572 | 77,101 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 12,714 | 14,441 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 697 | 686 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 1,014 | — |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 67 | 65 |
| | | **98,351** | **92,663** |

Nóta [a] Níor áiríodh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19, an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta agus scéim Aisíocaíochta Covid-19 d'Fhostóirí a riar toisc go raibh feidhmiú na scéimeanna sin comhtháite go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 138,653 | 145,336 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 191 | 277 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 60,580 | 65,884 |
| Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh [a] | | 229,970 | — |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 218,388 | 88,530 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **509,129** | **154,691** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 385,384 | 15,475 |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 56,726 | 62,899 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 27,656 | 25,697 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 35,318 | 47,358 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **505,084** | **151,429** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 4,045 | 3,262 |
| **Glansócmhainní** | | **142,698** | **148,598** |
| | | | |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **142,698** | **148,598** |

Nóta [a] Is ionann é agus airleacain ó Vóta 37 chuig cuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) nár caitheadh faoi dheireadh na bliana.

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 20,352 | 302,490 | 32,419 | 355,261 |
| Coigeartú [a] | — | 330 | 13,100 | 13,430 |
| Breiseanna | — | 402 | 15,488 | 15,890 |
| Diúscairtí | — | — | — | — |
| Díscríobh [b] | (13,035) | (65,644) | — | (78,679) |
| Aistrithe | — | 38,373 | (38,373) | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 7,317 | 275,951 | 22,634 | 305,902 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 18,118 | 191,807 | — | 209,925 |
| Coigeartú [c] | — | 9,326 | — | 9,326 |
| Dímheas don bhliain | 620 | 26,056 | — | 26,676 |
| Dímheas ar dhiúscairtí/díscríobh | (13,034) | (65,644) | — | (78,678) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 5,704 | 161,545 | — | 167,249 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **1,613** | **114,406** | **22,634** | **138,653** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 2,234 | 110,683 | 32,419 | 145,336 |

Nótaí

[a] Rinneadh coigeartuithe €13.1 milliún san iomlán ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt (CAUD) toisc go raibh caiteachas a tabhaíodh i mblianta roimhe sin i leith thionscadail CAUD aicmithe go mícheart mar chaiteachas neamhchaipitil.

[b] Is éard atá i gceist le díscríobh ná bogearraí, crua-earraí TF, troscán agus trealamh, lena n-áirítear meaisíní frainceála, fótachóipeálaithe, táblaí, cathaoireacha, etc. Leanadh le glanadh suntasach sonraí ar an gclár sócmhainní i rith 2021. Shainaithin an Roinn roinnt sócmhainní bogearraí TF ar an gclár a bhí as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a cuireadh in ionad agus sócmhainní troscáin agus feisteas a bhí as feidhm agus/nó a raibh luachanna sócmhainne faoi bhun €1,000 orthu.

[c] Rinneadh coigeartuithe arbh fhiú €9.326 milliún san iomlán iad ar dhímheas maidir le sócmhainní atá in úsáid ag an Roinn cheana féin agus ba cheart iad a aistriú ó CAUD chuig trealamh oifige i mblianta roimhe sin, agus chuig sócmhainní ar ina leith a leasaíodh an saol úsáideach i rith na bliana.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna airleacain An Post [a] | 134,064 | 197,920 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta (rótharraingt) | (525,026) | (222,697) |
| Iarmhéid cuntais bainc tráchtála | 5,578 | 9,302 |
| | **(385,384)** | **(15,475)** |

Nóta [a] Mar ghníomhaire íoca scéime, réamh-mhaoinítear An Post trí Vóta 37 agus trí CÁS chun dliteanais chaiteachais na Roinne a íoc de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Ag deireadh 2021, b'ionann an t-iarmhéid comhcheangailte a bhí ag An Post maidir le Vóta 37 agus CÁS agus €231.2 milliún. B'ionann an t-iarmhéid comhcheangailte comhfhreagrach ag deireadh 2020 agus €335.6 milliún.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 160 | 226 |
| Ábhar inchaite TF | 31 | 51 |
| | **191** | **277** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí le cláir shonracha [a] | 55,886 | 63,660 |
| Tacaíocht bogearraí | 2,514 | 1,841 |
| Riarachán | 2,180 | 108 |
| Réamhíocaíochtaí eile | — | 275 |
| | **60,580** | **65,884** |

Nóta [a] Cuireann an Roinn réamh-mhaoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí chun scéimeanna a sholáthar. Áirítear leo sin réamhíocaíochtaí nó cúlchnapanna do shreabhadh airgid a íoctar le scéimeanna agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post. Cuirtear réamhíocaíochtaí ar fáil do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnamh Post sula dtosaítear iad chun íoc as na costais tosaigh agus déantar iad a fhorchúiteamh, tríd is tríd, laistigh de 12 mhí i ndiaidh iad a eisiúint. Cuirtear cúlchnapanna ar fáil do Sheirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post chun íoc as costais leanúnacha agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach i ndiaidh gach íocaíocht a dhéanamh. Baineann an t-airgead sin le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Airleacain chuig An Post le haghaidh caiteachas postais | 1,007 | 1,007 |
| Airleacain chuig OOP le haghaidh troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach | 244 | 1,251 |
| Airleacain chuig Pobal | 5,350 | 4,922 |
| Airleacain chuig na Coimisinéirí Ioncaim [a] | 7,411 | 20,436 |
| Réamhíocaíochtaí scéime [b] | 161,354 | 24,650 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 2,454 | 4,212 |
| *Dlite ó CÁS maidir leis na nithe seo a leanas* | | |
| • fáltais a bhaineann leis an Vóta a aisghabhadh trí CÁS | 18,809 | 18,927 |
| • íocaíochtaí a rinneadh ón Vóta thar ceann CÁS | 21,758 | 12,456 |
| • íocaíochtaí óinchiste is infhaighte ó CÁS | 1 | 669 |
| | **218,388** | **88,530** |

Nótaí [a] Baineann an t-airleacan chuig na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta agus leis an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá araon.

[b] Áirítear le réamhíocaíochtaí scéime íocaíochtaí scéime a rinneadh sa bhliain agus nár gearradh sa bhliain reatha.

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe clár sonrach [a] | 49,658 | 49,963 |
| Fabhruithe eile | 5,556 | 6,004 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 808 | 406 |
| Speansais riaracháin | 704 | 6,526 |
| | **56,726** | **62,899** |

Nóta [a] Airgead atá dlite d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post agus Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,740 | 3,407 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 3,001 | 2,676 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 702 | 654 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 3,974 | 3,626 |
| Cáin bhreisluacha | 16 | 54 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 2,446 | 1,295 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 51 | 42 |
| Fáltais bhreise ón Státchiste | 1 | 1 |
| | 13,931 | 11,755 |
| | | |
| Asbhaintí párolla | 2,235 | 2,176 |
| *Dlite do CÁS maidir leis na nithe seo a leanas* | | |
| • íocaíochtaí a rinneadh le CÁS thar ceann an Vóta | 4,035 | 5,784 |
| • íocaíochtaí óinchiste a fuarthas ó CÁS | 2,167 | (6) |
| Aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí | 3,846 | 4,639 |
| Aisghabháil fiachais thar ceann thíortha eile AE | 877 | 869 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 565 | 480 |
| | **27,656** | **25,697** |

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 143,680 | 861,943 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,200 | 910 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (109,562) | (815,495) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **35,318** | **47,358** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 218,388 | 88,530 |
| CÁS: fionraí | 229,970 | — |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (385,384) | (15,475) |
| Dlite don Stát | (13,931) | (11,755) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (13,725) | (13,942) |
| | (413,040) | (41,172) |
| | | |
| | **35,318** | **47,358** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 148,598 | 153,112 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 17,864,418 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,200) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (143,680) | 17,719,538 | |
| Glanvóta | | | | 16,270,819 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 98,351 | 92,663 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 14,386 | 14,386 |
| Coigeartú i leith sócmhainní caipitil atá á bhforbairt agus sócmhainní seasta | 2.1 | | 4,104 | 1,965 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (17,842,279) | (16,384,347) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **142,698** | **148,598** |

## 2.10 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda**<br>ag an 31 Nollaig | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 72,832 | 51,386 |
| Tionscadail chaipitil | 9,957 | 4,701 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **82,789** | **56,087** |

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **114** | **122** |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i 70 cás dlí a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha éiginnte.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 315,172 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,072) | | | |
| | | | 312,100 | 310,417 | 298,995 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,155 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,546) | | | |
| | | | 609 | 562 | 1,478 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,889 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,984) | | | |
| | | | 12,905 | 10,978 | 12,867 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,977 | | | |
| | *Forlíontach* | 523 | | | |
| | | | 14,500 | 13,793 | 11,967 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | |
| | *Bunaidh* | 74,465 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 620 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,855) | | | |
| | | | 68,230 | 59,282 | 59,257 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 21,365 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 290 | | | |
| | *Forlíontach* | (580) | | | |
| | | | 21,075 | 17,619 | 16,841 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,100 | | | |
| | *Forlíontach* | (300) | | | |
| | | | 800 | 487 | 346 |
| viii | Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 142,880 | | | |
| | *Forlíontach* | (21,986) | | | |
| | | | 120,894 | 117,276 | 121,650 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| ix | Tionscadail a bhaineann le ríomh-Rialtas | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (200) | | | |
| | | | 16,300 | 14,293 | 12,908 |
| | | | **567,413** | **544,707** | **536,309** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar dhifríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €4.2 milliún; toradh €562,000*

Cúis leis an ngannchaitheamh €3.6 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ba ea gur tháinig laghdú ar riachtanais taistil in 2021 mar gheall ar phaindéim Covid-19. Cuireadh gach taisteal neamhriachtanach d'oifigigh na Roinne ar fionraí agus bogadh go leor gníomhaíochtaí ar líne.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €16.9 milliún; toradh €11 milliún*

Cúis leis an ngannchaitheamh €5.9 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ba ea na nithe seo a leanas:

- Baineadh €2 milliún de choigiltis amach ar sheirbhísí foirne mar gheall ar stoc dóthanach Trealaimh Chosanta Phearsanta (TCP) a bheith ann. Bhí soláthar déanta do stoic bhreise TCP ach níor theastaigh siad sin in 2021.
- Baineadh €3.9 milliún de choigiltis amach ar chostais theagmhasacha éagsúla, lena n-áirítear tacaí taighde (€900,000), oiliúint foirne (€800,000), teagmhas (€500,000), fruiliú seomraí (€500,000), táillí aistriúcháin (€300,000), táillí dlí (€500,000), muirir bhainc (€200,000) agus muirir ilghnéitheacha eile (€200,000).

**vii Seirbhísí comhairleoireachta**

*Soláthar meastacháin €1.1 milliún; toradh €487,000*

Cúis leis an ngannchaitheamh €613,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ba ea na nithe seo a leanas:

- Athsceidealaíodh go 2022 tionscadal amháin dar luach €400,000 do sheirbhísí achtúireacha, rud a ceadaíodh ar dtús do 2021.
- Cuireadh moill ar thrí thionscadal mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19. Mar thoradh air sin, níor tarraingíodh anuas an leithdháileadh iomlán buiséid do 2021 agus táthar ag súil anois go dtabhófar caiteachas €213,000 san iomlán in 2022.

## Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 315,172 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,072) | | | |
| | | | | 312,100 | 310,417 | 298,995 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 291,331 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 910 | | | |
| | | *Forlíontach* | (36,928) | | | |
| | | | | 255,313 | 234,290 | 237,314 |
| **Pinsin** | | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,066,077 | | | |
| | | *Forlíontach* | 19,593 | | | |
| | | | | 1,085,670 | 1,083,119 | 1,048,546 |
| **Aois Oibre - Tacaí Ioncaim** | | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,643,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,900) | | | |
| | | | | 1,637,700 | 1,567,383 | 1,656,771 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 553,567 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,853 | | | |
| | | | | 560,420 | 561,233 | 564,887 |
| A.6 | Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | | | 13,200 | 12,691 | 13,425 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | | 830 | 635 | 859 |
| A.8 | Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 112,621 | | | |
| | | *Forlíontach* | (18,241) | | | |
| | | | | 94,380 | 94,865 | 115,212 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 61,742 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,802) | | | |
| | | | | 58,940 | 59,030 | 66,414 |

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.10 | Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 46,020 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,750) | | | |
| | | | 42,270 | 43,089 | 41,029 |
| A.11 | Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,619 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,329) | | | |
| | | | 15,290 | 15,322 | 18,076 |
| | *Covid-19 – Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime* | | — | — | *1,317,476* |
| **Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta** | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | | | |
| | *Bunaidh* | 362,704 | | | |
| | *Forlíontach* | (44,414) | | | |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | 318,290 | 320,213 | 340,612 |
| | *Bunaidh* | 52,193 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,653) | | | |
| | | | 49,540 | 49,476 | 52,745 |
| A.14 | Tús | | | | |
| | *Bunaidh* | 98,776 | | | |
| | *Forlíontach* | (16,536) | | | |
| | | | 82,240 | 78,557 | 83,568 |
| A.15 | Tionscnamh Post | | 12,670 | 13,116 | 14,973 |
| A.16 | Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair | | | | |
| | *Bunaidh* | 64,821 | | | |
| | *Forlíontach* | (35,461) | | | |
| | | | 29,360 | 28,881 | 39,274 |
| A.17 | Scéim Tacaíochta Fostaíochta don Aos Óg | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,440 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,860) | 580 | 563 | 2,015 |
| A.18 | Liúntas chun Filleadh ar Oideachas | | | | |
| | *Bunaidh* | 96,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (41,410) | | | |
| | | | 55,090 | 54,322 | 65,921 |

| | | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.19 | JobsPlus | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | (25,052) | | | |
| | | | | 3,248 | 3,315 | 5,376 |
| A.20 | An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 25,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,960) | | | |
| | | | | 18,840 | 18,623 | 18,156 |
| A.21 | Clubanna Post | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,950 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,670) | | | |
| | | | | 4,280 | 4,198 | 4,452 |
| A.22 | Clár Socrúcháin Taithí Oibre | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 135,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | (134,900) | | | |
| | | | | 800 | 596 | — |
| A.23 | Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 33,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (21,150) | | | |
| | | | | 12,650 | 13,111 | 12,333 |
| A.yy | Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,100 | | | |
| | | | | 16,100 | 16,071 | 2,706,962 |
| A.zz | Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,359,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,226,050 | | | |
| | | | | 4,585,050 | 4,570,529 | 1,370,889 |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | | |
| A.24 | Liúntas Míchumais | | | 1,836,909 | 1,828,845 | 1,811,854 |
| A.25 | Pinsean na nDall | | | 12,811 | 12,255 | 12,641 |
| A.26 | Liúntas Cúramóra | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 953,893 | | | |
| | | *Forlíontach* | (22,463) | | | |
| | | | | 931,430 | 930,556 | 926,352 |

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.27 | Liúntas Cúram Baile | | | | |
| | *Bunaidh* | 199,840 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,265 | | | |
| | | | 203,105 | 202,445 | 193,104 |
| A.28 | Deontas Tacaíochta Cúramóra | | | | |
| | *Bunaidh* | 265,200 | | | |
| | *Forlíontach* | (8,220) | | | |
| | | | 256,980 | 257,223 | 227,543 |
| A.29 | Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,660 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,007) | | | |
| | | | 10,653 | 10,375 | 13,875 |
| A.30 | Scéim Fóirdheontais Pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 25,980 | | | |
| | *Forlíontach* | (8,810) | | | |
| | | | 17,170 | 15,900 | 18,356 |
| **Leanaí** | | | | | |
| A.31 | Sochar Linbh | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,119,120 | | | |
| | *Forlíontach* | (34,370) | | | |
| | | | 2,084,750 | 2,090,446 | 2,102,329 |
| A.32 | Íocaíocht Teaghlaigh Oibre | | | | |
| | *Bunaidh* | 376,860 | | | |
| | *Forlíontach* | (38,760) | | | |
| | | | 338,100 | 338,407 | 377,312 |
| A.33 | Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair | | 12,560 | 10,248 | 12,978 |
| A.34 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | | 53,500 | 51,651 | 54,054 |
| A.35 | Scéim Béilí Scoile | | | | |
| | *Bunaidh* | 65,100 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,600) | | | |
| | | | 61,500 | 58,386 | 53,468 |
| A.36 | Íocaíochtaí a Bhaineann le Leanaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,900 | | | |
| | *Forlíontach* | 630 | | | |
| | | | 8,530 | 8,462 | 8,186 |

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | |
| A.37 | Forlíonadh Cíosa | | | | |
| | *Bunaidh* | 116,190 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,470 | | | |
| | | | 123,660 | 122,962 | 133,090 |
| A.38 | Liúntas Tacaíochta Teileafóin | | 8,400 | 8,467 | 8,326 |
| A.39 | Pacáiste Sochar Teaghlaigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 76,189 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,860 | | | |
| | | | 79,049 | 84,432 | 77,347 |
| A.40 | Saorthaisteal | | 95,000 | 91,266 | 94,529 |
| A.41 | Liúntas Breosla | | | | |
| | *Bunaidh* | 186,512 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,608 | | | |
| | | | 197,120 | 195,261 | 181,446 |
| A.42 | Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 62,222 | | | |
| | *Forlíontach* | (10,032) | | | |
| | | | 52,190 | 59,037 | 55,993 |
| A.43 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,921 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,121) | | | |
| | | | 19,800 | 16,216 | 13,294 |
| A.44 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,764,837 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,174,677) | | | |
| | | | 2,590,160 | 2,606,030 | — |
| | *An Coimisiún um Pá Íseal* | | — | — | *3* |
| **Iomlán** | | | **18,258,228** | **18,152,515** | **16,472,360** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €105.7 milliún níos lú ná na Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise a cuireadh ar fáil. Bhí an difríocht sin comhdhéanta de na nithe seo a leanas.

- Bhain gannchaitheamh €22.7 milliún de sin le caiteachas riaracháin. Tá míniú tugtha cheana féin ar na difríochtaí suntasacha i bhfo-mhírchinn aonair (+/-25% agus €100,000)
- Baineann gannchaitheamh €83 mhilliún le fo-mhírchinn scéime agus seirbhíse. Tá cur síos déanta thíos ar na príomhdhifríochtaí.

**A.7 Liúntas Banchéile Thréigthe**

*Soláthar meastacháin €830,000; toradh €635,000*

An gannchaitheamh €195,000, a bhí mar gheall ar an meánlíon faighteoirí (64) a bheith 20 duine níos lú ná mar a measadh (84).

**A.8 Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach**

*Soláthar meastacháin €112.6 milliún; toradh €94.9 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €17.7 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon faighteoirí iarbhír (10,520) 3,031 duine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (13,551) mar gheall ar níos lú daoine a bheith ag dul i muinín íocaíochtaí liúntas bunúsach Leasa Forlíontach a d'eascair as amanna próiseála feabhsaithe ar scéimeanna príomhúla amhail Liúntas Míchumais agus Cuardaitheoirí Poist. Choigil sé sin €33 mhilliún.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí coigeartuithe iarbhír idirscéime (€22.3 milliún) a aisghabhadh ó scéimeanna príomhúla amhail Liúntas Míchumais agus cuardaitheoirí poist €12.4 milliún níos lú ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán (€34.7 milliún), arís mar gheall ar níos lú tréchur éileamh ar an Liúntas Bunúsach Leasa. Chosain sé sin €12.4 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhír (€213.44) agus €5.06 níos mó ná mar a measadh (€208.38). Chosain sé sin €2.9 milliún, agus bhain €700,000 de sin le híocaíocht Bhónas na Nollag, rud nach ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh.

**A.10 Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha (ENP)**

*Soláthar meastacháin €46 mhilliún; toradh €43.1 milliún*

Maoiníonn an fo-mhírcheann ENP íocaíochtaí aonuaire de chineál riachtanas eisceachtúil nó práinneach. Ar an gcúis seo, tá difríocht níos mó ann i líon agus luachanna íocaíochtaí ná mar a d'fhéadfadh duine a fheiceáil le haghaidh gnáthscéim trína ndéantar íocaíochtaí seachtainiúla nó míosúla. Bhí an gannchaitheamh €2.9 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Íocaíochtaí iarbhír (51,774) a bheith níos lú ná mar a measadh (89,700). Choigil sé sin €19.5 milliún.
- Fritháiríodh é sin le meáníocaíochtaí iarbhír (€832.74) a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis (€513.04) mar gheall ar an dinimic athraitheach d'íocaíochtaí ar riachtanais eisceachtúla, trína bhfuil an ghné tithíochta d'íocaíochtaí méadaithe ó 66% in 2020 go 74% d'íocaíochtaí in 2021. Chosain sé sin €16.6 milliún.

**A.11 Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim**

*Soláthar meastacháin €18.6 milliún; toradh €15.3 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €3.3 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Caiteachas €11.1 milliún ar Liúntais Costas Laethúil i gcomparáid le meastachán €13.1 milliún mar gheall ar an líon faighteoirí a bheith níos ísle ná an meán. Choigil sé sin €2 mhilliún.
- Caiteachas €4.1 milliún ar Fhorlíontaí Eile i gcomparáid le meastachán €5.3 milliún mar gheall ar an líon faighteoirí a bheith níos ísle. Choigil sé sin €1.2 milliún.
- Caiteachas €100,000 ar Chabhair Dhaonnúil i gcomparáid le meastachán €200,000. Choigil sé sin €100,000.

**A.12 Clár Fostaíochta Pobail**

*Soláthar meastacháin €362.7 milliún; toradh €320.2 milliún.*

Bhí an gannchaitheamh €42.5 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon rannpháirtithe iarbhír (19,270) 2,570 duine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó in FREV 2021 (21,840). Srianta Covid-19 ba chúis leis sin, a d'fhág go raibh sé deacair folúntais ar thograí Fostaíochta Pobail a líonadh. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €34.1 milliún i gceist.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír (€255.15) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€255.34). Choigil sé sin €200,000.
- Meánluach íocaíochta iarbhír do mhaoirseoirí (€755.37) a bheith níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€824.67). Choigil sé sin €4.6 milliún.
- Cúinsí eile ba chúis le gannchaitheamh €5 mhilliún, go príomha laghdú ar chostas Pleananna Foghlama Aonair (€2.3 milliún), mar thoradh ar shrianta Covid-19 agus airleacain a eisíodh/iarmhéideanna a aisghabhadh ó chomhlachtaí forfheidhmithe (€1.8 milliún).

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- €1.4 milliún mar gheall ar an líon iarbhír maoirseoirí (1,282) a bheith 33 dhuine níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (1,249).

**A.13 Scéim Shóisialta Tuaithe**

*Soláthar meastacháin €52.2 milliún; toradh €49.5 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €2.7 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- An líon rannpháirtithe iarbhír (3,040) a bheith 107 nduine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (3,147). Choigil sé sin €1.5 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír rannpháirtí (€258.17) níos ísle ná mar a measadh (€266.91). Choigil sé sin €1.4 milliún.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon iarbhír maoirseoirí (133) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (130). Chosain sé sin €100,000 breise.
- €100,000 mar gheall ar chostais reatha neamh-phárolla a bheith níos airde.

**A.14 Tús - Socrúchán Oibre Pobail**

*Soláthar meastacháin €98.8 milliún; toradh €78.6 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €20.2 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon rannpháirtithe iarbhír (4,620) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (5,684) mar gheall ar shrianta Covid-19, a d'fhág go raibh sé deacair folúntais ar thionscadail Tús a líonadh. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €14.4 milliún i gceist.
- Bhí meánluachanna íocaíochta rannpháirteacha iarbhír (€252.11) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€259.79). Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €1.8 milliún i gceist.
- Costais reatha neamh-phárolla a bheith níos ísle (€7.3 milliún) ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€9.5 milliún). Choigil sé sin €2.2 milliún.
- An líon maoirseoirí a bheith níos ísle (283) ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (330), agus coigilt €1.8 milliún ann.

**A.16 Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair**

*Soláthar meastacháin €64.8 milliún; toradh €28.9 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €35.9 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon faighteoirí iarbhír (2,610) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (5,824) mar gheall ar shrianta Covid-19, a laghdaigh glacadh an Liúntais Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair in 2021. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €35.8 milliún i gceist.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír (€213.29) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán (€214.22). Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €100,000 i gceist.

**A.17 Scéim Tacaíochta Fostaíochta don Aos Óg**

*Soláthar meastacháin €2.4 milliún; toradh €563,000*

Bhí an gannchaitheamh €1.8 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

D'fhág srianta Covid-19 ar feadh tréimhsí suntasacha le linn 2021 nach bhféadfaí dul i dteagmháil le fostóirí agus le cuardaitheoirí poist a thairiscint agus áiteanna a ghlacadh ar YESS.

- Gannchaitheamh €1.9 milliún mar gheall ar an líon faighteoirí a bheith níos ísle (40) ná mar a rinneadh soláthar dó i Meastachán 2021 (198).

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- €100,000 mar gheall ar mheánluachanna íocaíochta a bheith níos airde in 2021 (€271.63) ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa bhunleagan REV €236.51.

**A.18 Liúntas chun Filleadh ar Oideachas (BTEA)**

*Soláthar meastacháin €96.5 milliún; toradh €54.3 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €42.2 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí iarbhír thar an mbliain acadúil (5,446) níos ísle ná mar a measadh (10,860). Choigil sé sin €43.3 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír (€217.67) d'fhaighteoirí a íocadh i rith na bliana níos ísle ná mar a measadh (€222.95). Choigil sé sin €200,000.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí iarbhír i rith an tsamhraidh (2,720) níos airde ná mar a measadh (2,400). Chosain sé sin €1.3 milliún. Mar a tharla in 2020, thug an Roinn beart a bhain le Covid-19 isteach d'fhaighteoirí BTEA in 2021, beart a rinne foráil d'fhormhór na bhfaighteoirí BTEA a bheith ag fanacht ar an scéim do mhíonna an tsamhraidh.

**A.19 JobsPlus**

*Soláthar meastacháin €28.3 milliún; toradh €3.3 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €25 mhilliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an líon rannpháirtithe iarbhír (696) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (4,850) mar gheall ar shrianta Covid-19, a laghdaigh glacadh JobsPlus in 2021. Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €24.2 milliún i gceist.
- Bhí meánluachanna íocaíochta rannpháirteacha iarbhír (€396.79) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€486.25). Ba é an toradh a bhí air sin ná go raibh gannchaitheamh €800,000 i gceist.

**A.20 An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla**

*Soláthar meastacháin €25.8 milliún; toradh €18.6 milliún*

Áiríodh leis an meastachán leithdháileadh breise €6.5 milliún chun Seirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil leathnaithe (LEAS) a sholáthar, mar chuid de Spreagadh Post Iúil 2020. Tar éis riachtanais a scóipeáil agus a shainiú, tairgeadh é seo i mí na Bealtaine 2021 le dáta cur chun feidhme in 2022 le haghaidh dhá Sheirbhís Nua Fostaíochta Poiblí ar Conradh (CPES).

Bhí an gannchaitheamh €7.2 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Caiteachas iarbhír €nialas ar LEAS leathnaithe i gcomparáid le €6.5 milliún a cuireadh ar fáil sa mheastachán. Choigil sé sin €6.5 milliún.

- Bhí caiteachas iarbhír €18.6 milliún ar an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil (LES) atá ann cheana níos lú ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (€19.3 milliún). Tá sé seo amhlaidh toisc nach n-íoctar eagraíochtaí atá ar conradh chun LES a chur ar fáil ach amháin as costais a thabhaítear. Choigil sé sin €700,000.

**A.21 Clubanna Post**

*Soláthar meastacháin €8 milliún; toradh €4.2 milliún*

Áiríodh leis an meastachán leithdháileadh breise €2.8 milliún chun acmhainn bhreise a mhaoiniú do Chlubanna Post, mar chuid de Spreagadh Post Iúil 2020. Tar éis riachtanais a scóipeáil agus a shainiú, tairgeadh é seo i mí na Bealtaine 2021 le dáta cur chun feidhme in 2022 le haghaidh dhá Sheirbhís Nua Fostaíochta Poiblí ar Conradh (CPES).

Bhí an gannchaitheamh €3.8 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Caiteachas iarbhír €nialas ar an tSeirbhís clubanna post leathnaithe i gcomparáid leis an meastachán (€2.8 milliún). Choigil sé sin €2.8 milliún.
- Caiteachas iarbhír €4.2 milliún ar an tseirbhís Clubanna Post atá ann cheana i gcomparáid leis an €5.2 milliún a cuireadh ar fáil sa mheastachán. Ba é ba chúis le coigilt €1 mhilliún ná ciorrú atreoruithe agus costais níos lú taistil agus chothaithe mar gheall ar líon níos lú duine a atreorú le duine le haghaidh teagmhála le cuardaitheoirí poist atá ann cheana.

**A.22 Clár Socrúcháin Taithí Oibre**

*Soláthar meastacháin €135.7 milliún; toradh €596,000*

Fógraíodh an Clár Taithí Socrúcháin Oibre (WPEP) mar thomhas faoi Spreagadh Post Iúil 2020 le dáta beartaithe cur i bhfeidhm do Shamhain 2020. Rinneadh soláthar sa chlár do 10,000 socrúchán taithí oibre thar shaolré na scéime do chuardaitheoirí poist le fostóirí óstacha ar feadh 6 mhí ar a laghad. Bhí WPEP ina ghné lárnach den straitéis um Bealaí chun na hOibre 2021 – 2025.

€135.7 milliún an meastachán bunaidh, €600,000 an toradh a bhí air agus gannchaitheamh €135.1 milliún mar thoradh air.

Ullmhaíodh agus tugadh chun críche an meastachán bunaidh i lár mhí Mheán Fómhair 2020 chun bonn eolais a chur faoi mheastacháin Bhuiséad 2021 a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Glacadh leis go seolfaí WPEP go luath i mí na Samhna 2020 agus ó sin go deireadh 2021 le huaslíon 10,000 rannpháirtí chomhthráthacha. Glacadh leis freisin go mbeadh an meánluach íocaíochta seachtainiúil in aghaidh an rannpháirtí cothrom le €352.42. Tá sé seo gar go leor don mheánluach íocaíochta seachtainiúil de thart ar €346 thar an gcéad 12 mhí den scéim suas go mí Iúil 2022.

Seoladh an scéim WPEP i mí Iúil 2021, agus líon na rannpháirtithe ag fáil íocaíocht ag sroicheadh 155 dhuine faoi lár mhí na Nollag 2021. I measc na gcúiseanna a bhí leis an ngannchaitheamh bhí

- Moill ar sheoladh na scéime mar gheall ar shrianta leanúnacha Covid-19.

- An soláthar i meastacháin 2021 a bheith ag ardú de réir a chéile go dtí an t-uaslíon 10,000 áit chomhthráthacha. Ba é an rún a bhí ag spreagadh Post Iúil 2020 ná soláthar a dhéanamh do 10,000 áit thar shaolré na scéime.
- Maidir le Cuardaitheoirí Poist, is é an t-eolas atá againn ná go raibh siad ag lorg fostaíochta seachas taithí oibre. Tá sé sin le feiceáil freisin ó na leibhéil arda rannpháirtíochta sa mhargadh saothair anois, agus an geilleagar athoscailte. Tá obair ag leanúint ar aghaidh ag cur feasachta ar an gclár chun cinn i measc fostóirí agus cuardaitheoirí poist.

Luaigh fostóirí roinnt cúiseanna le neamh-rannpháirtíocht leis an gclár go dtí seo:

- Brú ar oibríochtaí gnó a choinneáil nó a atosú i dtimpeallacht Covid-19;
- Teannadh an mhargaidh saothair, mar aon le laghdú sna leibhéil dífhostaíochta;
- Tosaíocht do bhaill foirne a earcú chun folúntais a líonadh in ionad socrúcháin oibre a sholáthar, agus ceanglais fhoirmiúla ann chun oiliúint a sholáthar agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcéanna.

**A.23 Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta**

*Soláthar meastacháin €33.8 milliún; toradh €13.1 milliún*

Bhain an gannchaitheamh €20.7 milliún go príomha le srianta Covid-19, a mhair níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis agus a chuaigh i bhfeidhm ar an éileamh ar dheontais tacaíochta éagsúla. Is éard a bhí ann an méid seo a leanas

- Caiteachas iarbhír €3.9 milliún ar an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta i gcomparáid leis an tsuim €15 mhilliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán. Cuimsíonn an scéim seo dhá ghné, iarfhaighteoirí Íocaíochta Dífhostaíochta Paindéime (PUP) a d'oscail a ngnó arís agus tacaíocht do rannpháirtithe an Liúntais Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair. Choigil sé sin €11.1 milliún.
- Caiteachas iarbhír €2 mhilliún ar an Deontas Tacaíochta Oiliúna i gcomparáid le €11.3 milliún sa mheastachán. Choigil sé sin €9.3 milliún.
- Caiteachas iarbhír €nialas ar thacaí gníomhachtaithe spriocdhírithe i gcomparáid leis an tsuim €2.5 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán. Ba é a bhí i gceist leis an tionscnamh seo spriocdhíriú ar na daoine dífhostaithe is faide ón margadh saothair ach níor lean sé ar aghaidh mar gheall ar dhíriú ar thosaíochtaí eile a bhaineann le Covid-19, rud a d'fhág go raibh coigilt €2.5 milliún i gceist.
- Caiteachas iarbhír €200,000 ar Oiliúint Tacaíochta Teaghlaigh i gcomparáid le meastachán €600,000. Choigil sé sin €400,000.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Caiteachas iarbhír €4.5 milliún ar an Dreasacht Poist Pháirtaimseartha do Dhaoine Féinfhostaithe (PTJISE) i gcomparáid leis an tsuim €2.6 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán. Chosain sé sin €1.9 milliún agus bhí PTJISE le síneadh níos faide ná R1 2021, mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán.
- Caiteachas iarbhír €1.8 milliún ar an Dreasacht Poist Páirtaimseartha i gcomparáid leis an tsuim €1.1 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán mar gheall ar an líon rannpháirtithe a bheith níos airde. Chosain sé sin €700,000.

**A.yy Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19**

*Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €16.1 milliún*

D'oibrigh Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP) mar scéim éigeandála ó Mhárta 2020 go Lúnasa 2020, nuair a tháinig an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) ina háit. Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a riarann an scéim SFSP, agus í á maoiniú trí Vóta na Roinne. Bhí róchaitheamh €6.1 milliún ann mar gheall ar riaráistí a bheith níos mó ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán.

**A.zz Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF)**

*Soláthar meastacháin €2,359 milliún; toradh €4,570.5 milliún*

Bhí róchaitheamh €2,211.5 milliún ar EWSS in 2021. Mhaoinigh meastachán bunaidh 2021 an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021. Chuir cinntí an Rialtais ina dhiaidh sin síneadh leis an scéim suas go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2022.

**A.29 Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais**

*Soláthar meastacháin €13.7 milliún; toradh €10.4 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €3.3 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Iaghdú €2.8 milliún ar chaiteachas ar an tSeirbhís Infhostaitheachta, dár bhain €1.5 milliún le hoiliúint agus tacaí eile a fógraíodh i mBuiséad 2021 chun feabhas a chur ar infhostaitheacht cuardaitheoirí poist faoi mhíchumas nár glacadh le linn 2021 mar gheall ar shrianta Covid-19, agus an t-iarmhéid mar gheall ar chaiteachas níos ísle ar thuarastail na Seirbhíse Infhostaitheachta agus ar chostais eile.
- Iaghdú €400,000 ar chaiteachas ar Chumas mar gheall ar Covid-19, rud a chruthaigh dúshláin shuntasacha do thionscadail a mhaoinítear faoin gclár Cumas chun freastal ar riachtanais na ngrúpaí míchumais.
- €100,000 mar gheall ar réimse tosca, lena n-áirítear slánú.

**A.30 Scéim Fóirdheontais Pá (WSS)**

*Soláthar meastacháin €26 milliún; toradh €15.9 milliún*

Maoiníonn an fo-mhírcheann seo WSS do dhaoine faoi mhíchumas agus don Scéim Tacaíochta Fostaíochta (ESS) atá dúnta le roinnt blianta anuas.

Bhí an gannchaitheamh €10.1 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon rannpháirtithe iarbhír WSS (1,265) 687 nduine níos ísle ná mar a measadh (1,952), agus cuireadh sos ar éilimh mar gheall ar fhostóirí rannpháirtithe a bheith ag baint leas as an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF). Coigilt €8.8 milliún a bhí mar thoradh air sin.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír do rannpháirtithe WSS (€231.66) níos ísle ná mar a measadh (€246.25). Choigil sé sin €900,000.
- Bhí an meánlíon faighteoirí iarbhír ar an Scéim Tacaíochta Fostaíochta (39) 37 nduine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (76), mar gheall ar fhostóirí rannpháirtithe a bheith ag baint leas as SFPFS. Coigilt €300,000 a bhí mar thoradh air sin.

**A.32 Íocaíocht Teaghlaigh Oibre**

*Soláthar meastacháin €376.9 milliún; toradh €338.4 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €38.5 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- An meánlíon faighteoirí iarbhír (45,880) a bheith níos lú ná mar a measadh (47,957) mar gheall ar ghlacadh níos ísle tacaí in-oibre cosúil le hÍocaíocht Teaghlaigh Oibre mar gheall ar níos lú daoine le teaghlaigh ar ioncam níos ísle a bheith i bhfostaíocht de dheasca shrianta Covid-19. Choigil sé sin €16.3 milliún.
- Bhí meánluachanna íocaíochta iarbhír (€141.89) níos ísle ná mar a measadh (€151.01). Choigil sé sin €21.8 milliún.
- Bhí coigeartuithe iarbhír idirscéime a gearradh ar scéimeanna eile cothrom le laghdú €100,000 i gcomparáid le €300,000. Choigil sé sin €400,000.

**A.33 Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair**

*Soláthar meastacháin €12.5 milliún; toradh €10.2 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €2.3 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- An líon faighteoirí iarbhír (2,965) a bheith 826 dhuine níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (3,791). Choigil sé sin €2.7 milliún.
- Fritháiríodh é sin le meánluachanna íocaíochta iarbhír (€66.45) a bheith €2.78 níos airde ná mar a rinneadh soláthar dóibh sa mheastachán bunaidh (€63.67). Chosain sé sin €400,000.

**A.35 Scéim Béilí Scoile**

*Soláthar meastacháin €65.1 milliún; toradh €58.4 milliún*

Dúnadh scoileanna le linn na paindéime ó mhí Eanáir 2021 ba chúis leis an ngannchaitheamh €6.7 milliún a bhí ar an Scéim Béilí Scoile in 2021. Cé go raibh maoiniú na scéime Béilí Scoile fós ar fáil ó thús deireadh, níor bhain gach scoil leas as an rogha seo. As na scoileanna a bhain leas aisti, níor thug go leor acu tacaíocht ach do leanaí na dteaghlach is leochailí ó thaobh airgeadais de.

Baineadh é seo amach den chuid is mó trí bheartáin bhia a bheith á seachadadh ag soláthraithe chuig an mbaile. Cuireadh moill ar an síneadh a bhí beartaithe ar an gclár béilí scoile te ó Eanáir 2021 go dtí Aibreán 2021 agus chuir roinnt scoileanna an síneadh siar go dtí Meán Fómhair 2021.

### A.36 Íocaíochtaí a Bhaineann le Leanaí

*Soláthar meastacháin €7.9 milliún; toradh €8.5 milliún*

Bhí an róchaitheamh €600,000 mar gheall ar an méid seo a leanas:

- B'ionann an caiteachas iarbhír ar Íocaíocht Neamhranníocach an Chaomhnóra (GPNC), i gcomparáid le meastachán €7.6 milliún mar gheall ar an líon faighteoirí iarbhír (560) a bheith níos airde ná mar a measadh (532). Chosain sé sin €400,000
- Luachanna íocaíochta iarbhír do GPNC (€270.77) a bheith €2.90 níos airde ná mar a rinneadh dóibh sa mheastachán bunaidh (€267.87). Chosain sé sin €90,000, agus is mar gheall ar íocaíocht Bhónas na Nollag nach ndearnadh soláthar di sa mheastachán bunaidh atá sé.
- Caiteachas iarbhír €450,000 ar Dheontas do Thuismitheoir ar Baintreach é nó í i gcomparáid le meastachán €360,000. Chosain sé sin €90,000.

### A.37 Forlíonadh Cíosa

*Soláthar meastacháin €116.2 milliún; toradh €123 mhilliún*

Bhí an róchaitheamh €6.8 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- An líon faighteoirí iarbhír (18,320) a bheith níos airde ná mar a measadh (17,690). Chosain sé sin €4.1 milliún.
- Meánluachanna íocaíochta seachtainiúla iarbhír (€129.21) a bheith níos airde ná mar a measadh (€126.31). Chosain sé sin €2.8 breise milliún.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- €100,000 i níos lú coigeartuithe ná próifílithe.

### A.39 Pacáiste Sochar Teaghlaigh

*Soláthar meastacháin €76.2 milliún; toradh €84.4 milliún*

Bhí an róchaitheamh €8.2 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon teaghlach a fuair Liúntas Leictreachais a maoiníodh ó Vóta 37 (125,825) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (123,952). Chosain sé sin €800,000.
- Bhí meánluach íocaíochta míosúil don Liúntas Leictreachais a maoiníodh ó Vóta 37 (€38.67) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (€35.00). Chosain sé sin €5.5 milliún.
- Bhí meánluach íocaíochta míosúil don Liúntas Gáis a maoiníodh ó Vóta 37 (€39.98) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (€35). Chosain sé sin €700,000.
- Bhí an líon ceadúnas teilifíse saor in aisce a maoiníodh ó Vóta 37 (139,543) níos airde ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (129,625). Chosain sé sin €1.5 milliún.

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí meánlíon na dteaghlach a fuair Liúntas Gáis a maoiníodh ó Vóta 37 (11,666) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (11,857). Choigil sé sin €100,000.
- Bhí meánchostas ceadúnais teilifíse saor in aisce a maoiníodh ó Vóta 37 (€146.53) níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán. Choigil sé sin €200,000.

### A.42 Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

*Soláthar meastacháin €62.2 milliún; toradh €59 milliún*

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh ná an tionchar a bhí ag Covid-19 ar sheirbhísí faoi stiúir éilimh amhail Abhaile, MABS, MABS, DMA MABS, SFS agus tuilleadh gannchaithimh ar TFC.

### A.43 Seirbhísí Ilghnéitheacha

*Soláthar meastacháin €20.9 milliún; toradh €16.2 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €4.7 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Ní raibh aon chaiteachas ann ar an bhFóirdheontas don Údarás Pinsean i gcomparáid leis an tsuim €3 mhilliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán mar gheall nach ndeachaigh tionscadail a beartaíodh faoi raon feidhme an leithdháilte ar aghaidh. Choigil sé sin €3 mhilliún.
- Caiteachas iarbhír €6.3 milliún ar Chúnamh Bia do na Daoine is Díothaí i gcomparáid leis an tsuim €8 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán mar gheall ar shrianta a thabhaigh eagraíochtaí comhpháirtíochta agus iad ag rolladh amach seirbhísí mar gheall ar shrianta Covid-19.

### A.44 Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005

*Soláthar meastacháin €3,764.8 milliún; toradh €2,606 milliún*

Go traidisiúnta, maoiníodh caiteachas an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) ar bhonn trípháirtí – le ranníocaíochtaí ón Státchiste, nuair is gá, fostóirí agus fostaithe/daoine féinfhostaithe. Go dlíthiúil, is é an Státchiste maoinitheoir iarmharach ranníocaíochtaí CÁS agus ba iad ranníocaíochtaí ón Státchiste an caighdeán le breis agus 40 bliain ó 1952 go 1997. Thaifead CÁS farasbarr gach bliain idir 1998 agus 2007 agus ó 2016 go 2019. Thaifead sé easnamh gach bliain ó 2008 go 2015 agus in 2020 agus 2021.

Maoiníonn an fo-mhírcheann seo an t-easnamh ar CÁS nuair a sháraíonn caiteachas ioncam agus nuair nach leor an farasbarr carntha ó bhlianta roimhe sin chun caiteachas a mhaoiniú.

Bhí an gannchaitheamh €1,158.8 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí ioncam iarbhír CÁS (€11,839.4 milliún) €709.8 milliún níos mó ná mar a measadh (€11,129.6 milliún) mar gheall ar fháltais ÁSPC a bheith níos airde ó níos mó daoine ag an obair. Choigil sé sin €709.8 milliún.

- Bhí caiteachas iarbhír CÁS (€14,870.9 milliún) agus €473.7 milliún níos lú ná mar a measadh (€15,344.6 milliún). Choigil sé sin €473.7 milliún. Áiríodh iad seo a leanas leis na scéimeanna ar a raibh caiteachas níos ísle:
  - Sochar Cuardaitheora Poist agus Sochar Cuardaitheora Poist do Dhaoine Féinfhostaithe (€1,230.7 milliún) mar gheall nár aistríodh ó Íocaíochtaí Dífhostaíochta Paindéime (PUP) chuig cuardaitheoirí poist tar éis mhí an Mheithimh 2021 mar gheall ar shíneadh PUP.
  - Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta (€31.2 milliún).
  - Sochar Breoiteachta (€63.2 milliún) mar gheall ar níos lú daoine ag an obair.
  - €25.3 milliún níos lú mar gheall ar réimse tosca frithháirimh.

  Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:
  - Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime (€695.5 milliún) mar gheall ar shíneadh scéime níos faide ná Meitheamh 2021.
  - Maoiniú bhónas na Nollag a íoc le faighteoirí scéimeanna ciste árachais shóisialaigh (€181.4 milliún).

Fritháiríodh é sin leis an méid seo a leanas:

- Bhí an farasbarr leasaithe a tugadh ar aghaidh ó 2020 (€425.4 milliún) €24.7 milliún níos lú ná mar a rinneadh soláthar dó sa mheastachán (€450.1 milliún). Chosain sé sin €24.7 milliún.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37** | | | | | |
| 1 | Costais riaracháin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 126,400 | 145,930 | 121,980 |
| **Leithreasaí-i-gcabhair: eile** | | | | | |
| 2 | Aisghabhálacha cúnaimh shóisialaigh a ró-íocadh | | | | |
| | *Bunaidh* | 47,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (550) | | | |
| | | | 46,950 | 47,504 | 49,071 |
| 3 | Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisaialach | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (560) | | | |
| | | | 3,440 | 3,323 | 5,698 |
| 4 | Fáltais faoin bhforáil 'dliteanas chun teaghlach a chothabháil' i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | | | | |
| | *Bunaidh* | 300 | | | |
| | *Forlíontach* | 90 | | | |
| | | | 390 | 394 | 332 |
| 5 | Fáltais ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin | | | | |
| | *Bunaidh* | 340 | | | |
| | *Forlíontach* | 130 | | | |
| | | | 470 | 462 | 253 |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,030 | | | |
| | *Forlíontach* | 140 | | | |
| | | | 7,170 | 7,103 | 6,820 |

| | | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 7 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,100) | | | |
| | | | | 5,000 | 5,000 | 17 |
| 8 | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,400) | | | |
| | | | | 2,800 | 5,061 | 4,538 |
| 9 | Fáltais ón Údarás Pinsean – aoisliúntas foirne | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 600 | | | |
| | | *Forlíontach* | 80 | | | |
| | | | | 680 | 686 | 582 |
| 10 | Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | | | — | — | 156 |
| 11 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | | 5,000 | 5,000 | 3,216 |
| 12 | Fáltais ó Chiste Domhandaithe na hEorpa | | | — | — | — |
| 13 | Cúnamh a aisghabháil ó éilimh árachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | 250 | | | |
| | | | | 2,050 | 2,220 | 1,923 |
| 14 | Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,340) | | | |
| | | | | 460 | 3,928 | 5,235 |
| 15 | Ilghnéitheach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | | 500 | 11,370 | 1,720 |

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 16 | Ró-íocaíochtaí le haghaidh Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 a aisghabháil le haghaidh éileamh in 2020 | | | | |
| | *Bunaidh* | 80,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 92,200 | | | |
| | | | 172,200 | 174,705 | — |
| 17 | Aisghabháil ó Fhóirdheontas Pá Fostaíochta in 2021 ar éilimh in 2020 | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 19,300 | | | |
| | | | 20,300 | 20,291 | — |
| | **Iomlán** | | **393,810** | **432,977** | **201,541** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €39.2 milliún níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Costais riaracháin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Measta €126.4 milliún; réadaithe €145.9 milliún*

Déantar san fho-mhírcheann seo soláthar chun costais a thabhaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí le linn scéimeanna a mhaoinítear ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) a riar a aisghabháil. Tá na fáltais bhreise go príomha mar gheall ar chostas iomlán na ndeimhnithe leighis a íoctar le dochtúirí maidir le Sochar Breoiteachta, Sochar Díobhála agus Sochar Páirt-acmhainne a gearradh ar dtús ar Vóta 37 Riarachán atá á aisghabháil anois ó CÁS.

**3 Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialach**

*Measta €4 mhilliún; réadaithe €3.3 milliún*

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun Aisghabháil Cúnaimh Shóisialaigh ó CÁS a thaifeadadh nuair a dhéantar coigeartú idirscéime tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Is féidir le fáltais a bheith éagsúil go mór ó mhí go mí. Mar shampla, cuimsíonn sé custaiméirí ar íocadh an íocaíocht Liúntas bunúsach Leasa Forlíontach (SWA) (a mhaoinítear ó Vóta 37) leo agus iad ag fanacht le cinneadh maidir lena n-éileamh ar Shochar Breoiteachta (IB), Pinsean Easláine (IP) nó Pinsean Stáit - Ranníocach (SPC). Ina dhiaidh sin, aisghabhtar suim na liúntas bunúsach a íocadh ó CÁS nuair a chinntear a n-éileamh IB, IP nó SPC. Nuair a dhéantar an cinneadh i mbliain níos déanaí ná an bhliain inar tharla an íocaíocht, taifeadtar an téarnamh ó CÁS mar ioncam faoin bhfo-mhírcheann seo.

Is féidir le fáltais a bheith éagsúil go mór ó mhí go mí, idir €44,000 agus beagnach €800,000 sa mhí in 2021.

**5 Fáltais ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin**

*Measta €340,000; réadaithe €462,000*

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun fáltais a thaifeadadh le haghaidh deimhnithe Breithe, Báis agus Pósta arna soláthar go díreach ag an bPríomh-Oifig Chlárúcháin. Bhí fáltais ag laghdú gach bliain ó bheagnach €700,000 in 2010 go dtí €253,000 in 2020. In 2021, tháinig an chéad mhéadú ar fháltais le roinnt blianta anuas agus ba é an líon ab airde é ó 2016 é (€423,000).

**7 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa**

*Measta €7.1 milliún; réadaithe €5 milliún*

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine chun cabhrú le dífhostaíocht a chosc agus a throid, rud a fhágann go bhfuil lucht saothair na hEorpa níos feistithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua.

Ardleibhéal, táscach, a rinneadh roimh anailís níos mionsonraithe ar an éileamh a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, ba ea an meastachán bunaidh €7.1 milliún. Fuarthas €5 mhilliún, dár bhain €2 mhilliún leis an Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair (BTWEA) agus dár bhain €3 mhilliún le JobsPlus. Coinníodh iarmhéid €600,000 ar feitheamh iniúchadh deiridh ar scéimeanna BTWEA agus JobsPlus ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh. Táthar ag súil leis an tsuim eile sin in 2022.

**8 Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail)**

*Measta €10.2 milliún; réadaithe €5.1 milliún*

Taifeadann an fo-mhírcheann seo fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna maidir le hoiliúint a chuirtear ar fáil do rannpháirtithe ar scéimeanna tacaíochta fostaíochta éagsúla arna maoiniú ag an Roinn. Bhí fáltais €5.1 milliún níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an méid seo a leanas:

- laghdú €1.0 milliún ar an tsuim a fuarthas le haghaidh oiliúint a chur ar rannpháirtithe Fostaíochta Pobail mar gheall ar níos lú oiliúna a cuireadh ar fáil de bharr shrianta Covid-19. €3.2 milliún a réadaíodh i gcomparáid leis an tsuim €4.2 milliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.
- laghdú €4.2 milliún ar an tsuim a aisghabhadh maidir leis an Deontas Tacaíochta Oiliúna mar gheall ar an nglacadh leis an Deontas Tacaíochta Oiliúna a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. €1.8 milliún a réadaíodh i gcomparáid leis an tsuim €6 mhilliún a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.
- Fritháireamh é sin le fáltais €100,000 le haghaidh oiliúint a chur ar rannpháirtithe an Chláir Taithí Áit Oibre (WPEP) nuair nár cuireadh aon soláthar ar fáil dó sin sa mheastachán.

**13 Cúnamh a aisghabháil ó éilimh árachais**

*Measta €1.8 milliún; réadaithe €2.2 milliún*

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun fáltais ó dhámhachtainí cúitimh árachais a thaifeadadh maidir le faighteoirí Liúntas Míchumais.

Is féidir le fáltais athrú ó mhí go mí, le toradh in aon mhí ag brath ar shuíonna cúirte. In 2021, bhí fáltais mhíosúla idir €100,000 agus beagnach €300,000 sa mhí.

**14 Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí**

*Measta €4.8 milliún; réadaithe €3.9 milliún*

Tacaíonn an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) le gníomhartha thíortha AE chun cabhair ábhartha (lena n-áirítear bia agus éadaí) a sholáthar do na daoine is díothaí. Taifeadann an fo-mhírcheann seo fáltais ó chiste FEAD. Bhí na fáltais níos ísle in 2021, den chuid is mó mar gheall ar mhaoiniú €700,000 a fháil go luath i mí na Nollag 2020, rud a rabhthas ag súil leis i Ráithe 1 2021 tráth an mheastacháin.

**15 Ilghnéitheach**

*Measta €1 milliún; réadaithe €11.4 milliún*

Taifeadann an fo-mhírcheann seo fáltais a bhfuil a luach beag nó nach raibh súil leo nuair a ullmhaíodh an meastachán. I measc na bhfáltas in 2021 bhí:

- €7.8 milliún mar gheall ar fharasbarr a ghéilleadh arna charnadh ag cuideachtaí seachadta seirbhíse BFS.
- €2.7 milliún mar gheall ar ró-íocaíocht a bhaineann le 2020 a aisghabháil ó Bus Éireann Expressway.
- €400,000 a bhaineann le seiceanna cealaithe.
- fáltas €400,000 ó chlár AE um Chiste Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EASI) maidir leis an tionscadal Gníomhachtaithe Tuismitheoirí Aonair.
- €100,000 ó réimse míreanna níos lú.

**16 Ró-íocaíochtaí le haghaidh Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 a aisghabháil le haghaidh éileamh in 2020**

*Measta €80 milliún; réadaithe €174.7 milliún*

Taifeadann an fo-mhírcheann seo aisghabháil ró-íocaíochtaí ó fhostóirí a bhaineann leis an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim agus leanann sé athbhreithniú ar éilimh SFSP ag na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí fáltais idir €1.9 milliún agus €34.6 milliún in aghaidh na míosa.

**17 Aisghabháil ó Fhóirdheontas Pá Fostaíochta in 2021 ar éilimh in 2020**

*Measta €1 milliún; réadaithe €20.3 milliún*

Déantar san fho-mhírcheann seo soláthar chun ró-íocaíochtaí ag na Coimisinéirí Ioncaim a aisghabháil ó fhostóirí a bhaineann leis an scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF). Tháinig SFPF in ionad SFSP ó Mheán Fómhair 2020. Meastachán sealadach a bhí sa mheastachán €1 mhilliún, ós rud é go raibh an scéim ina céimeanna luatha. Bhain aisghabháil ró-íocaíochtaí €20.3 milliún le héilimh 2020.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 1 | 6 |
| Airgead coinsiasa | 2 | 10 |
| Costais finnéithe | 1 | 1 |
| Fíneálacha an Údaráis Pinsean | — | — |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (3) | (16) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **1** | **1** |

## 4.3 Ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a aisghabháil

Tá an Láraonad Fiachais (LAF) freagrach as ró-íocaíochtaí custaiméirí aonair agus aisghabháil fiachais a bhainistiú. [a]

Seo a leanas an seasamh achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa arna mbainistiú ag LAF ag an 31 Nollaig 2021:

| | | **2021 Toradh** | | **2020 Toradh** |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc ag an 1 Eanáir 2021 | | 390,894 | | 381,195 |
| Coigeartú [b] | | 28 | | (4) |
| Iarmhéid tosaigh coigeartaithe ag an 1 Eanáir 2021 | | 390,922 | | 381,191 |
| Glan-ró-íocaíochtaí a taifeadadh | | | | |
| Calaois amhrasta | 15,464 | | 17,829 | |
| Earráid éilitheora | 33,652 | | 31,452 | |
| Earráid oifigiúil | 1,058 | | 918 | |
| Cásanna eastáit | 22,016 | | 25,826 | |
| | | 72,190 | | 76,025 |
| | | 463,112 | | 457,216 |
| Lúide: | | | | |
| Suimeanna a aisghabhadh [c] | (51,179) | | (56,604) | |
| Coigeartú na n-aisghabhálacha [d] | 237 | | 432 | |
| | | (50,942) | | (56,172) |
| Fiachas na bliana roimhe a cuireadh ar ceal [e] | | (5,118) | | (5,254) |
| Suimeanna a díscríobhadh mar shuimeanna do-aisghabhála [f] | | (27,878) | | (4,896) |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc ag an 31 Nollaig [g] | | **379,174** | | **390,894** |

Nótaí

[a] Is é réimse na scéime faoi seach a riarann bainistíocht ró-íocaíochtaí agus aisghabhála fiachais a eascraíonn as comhaontuithe caidrimh chonarthaigh nó leibhéal seirbhíse le haonáin chorparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna amhail Sochair Chóireála agus Fostaíocht Phobail, agus níl siad luaite anseo. B'ionann an aisghabháil iomlán do na scéimeanna sin in 2021 agus €660,000.

In 2021, riar na Coimisinéirí Ioncaim aisghabhálacha fiachais don Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus don Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) agus ní thuairiscítear anseo iad. Déantar aisghabhálacha €79.9 milliún do ró-íocaíochtaí 2021 a ghlanadh as caiteachas scéim SFPF 2021.

[b] Is é is aidhm don choigeartú iarmhéid tosaigh ná an t-iarmhéid tuairiscithe a thabhairt i gcomhréir leis an liosta féichiúnaithe tosaigh ag an 1 Eanáir 2021.

[c] Déantar anailís ar an tsuim fiachais a aisghabhadh in 2021 mar a leanas:

(a) €46.6 milliún a cuireadh suas chuig ioncam i leith fiachas blianta roimhe sin

(b) €4.6 milliún a cuireadh suas in aghaidh caiteachais i leith fhiachas na bliana reatha.

[d] Baineann coigeartú €237,000 le haisghabhálacha taifeadta i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal in 2021.

[e] Is ionann fiachas na bliana roimhe sin a cuireadh ar ceal agus ar fiú €5.1 milliún é agus ró-íocaíochtaí a bailíodh i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal in 2021.

[f] Le linn 2021, chuir an Roinn tionscadal i gcrích chun cásanna aonair d'fhiachas níos sine a dhíscríobh a measadh a bheith do-aimsithe. Bhí sé sin sa bhreis ar dhíscríobh leanúnach i ngnáthchúrsaí gnó. Iarradh ceadú sonrach agus fuarthas é ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don tionscadal seo faoinar díscríobhadh 9,595 chás ar fad a raibh luach €27.2 milliún orthu le linn 2021. (Vóta: €23.7 milliún; CÁS: €3.5 milliún). Ní raibh a mhacasamhail de thionscadal ann in 2020 ach díscríobhadh fiachas €4.9 milliún i ngnáthchúrsaí gnó. San áireamh sa tsuim dhíscríofa iomlán €27.9 milliún, tá fiachas a díscríobhadh do 715 custaiméir ag a raibh fiachais aonair níos mó ná €10,000, agus suim iomlán €19.8 milliún a díscríobh.

[g] I gcomhréir leis an scéim PUP atá á cur ar bhonn reachtúil scoite, a mhaoinítear ó CÁS, taifeadtar gníomhaíocht ró-íocaíochta PUP i CÁS.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Roinn | 6435 | 6,402 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 153 | 157 |
| | **6,588** | **6,559** |

Nóta [a] An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tÚdarás Pinsean.

## 5.2 Pá

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 307,723 | 297,019 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,096 | 1,025 |
| Liúntais eile | 1,587 | 348 |
| Ragobair | 3,080 | 4,097 |
| ÁSPC an fhostóra | 22,499 | 20,743 |
| **Pá iomlán** | **335,985** | **323,232** |

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

Tagraíonn na socruithe luach saothair seo a leanas do ghnéithe pá d'fho-mhírchinn A.1 (i), A.2 (viii) agus A.2 (ix).

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 297,989 | 288,422 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,015 | 914 |
| Liúntais eile | 1,587 | 348 |
| Ragobair | 3,078 | 4,097 |
| ÁSPC an fhostóra | 21,507 | 19,858 |
| **Pá iomlán** | **325,176** | **313,639** |

**Luach saothair foirne gníomhaireachta**

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 9,734 | 8,597 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 81 | 110 |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | 2 | 1 |
| ÁSPC an fhostóra | 992 | 885 |
| **Pá Iomlán** | **10,809** | **9,593** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 368 | 19 | 26,456 | 21,445 |
| Liúntais eile | 369 | 25 | 59,158 | 12,719 |
| Ragobair | 1,465 | 46 | 18,534 | 22,513 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 262 | 76 | 28,129 | 11,224 |
| **Foireann ghníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 13 | 2 | 17,488 | 17,839 |
| Ragobair | 2 | — | 1,228 | 733 |

### 5.4 Socruithe luach saothair eile

B'ionann costas na foirne a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn in 2021 agus €708,899 maidir le 12 bhall foirne. Déanann an Roinn na costais sin a fhorchúiteamh ó na heagraíochtaí ábhartha.

### 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon faighteoirí | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 504 | 1,946 | 1,970 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 237 | 934 | 1,023 |

Rinneadh 32 dhuine aonair a raibh pleananna aisghabhála dar luach €40,436 i bhfeidhm ina leith a aistriú chuig ranna eile sa bhliain.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2021, rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €12,268 le beirt bhall foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht. Níor íocadh aon scaoilíocaíochtaí ar bith.

## 5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal II, agus olltuarastal bliantúil €203,167 ag baint leis an ról (€201,155 amhail an 31 Nollaig 2020).

# Nóta 6 Ighnéitheach

## 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh ag | | | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | fostaithe | | daoine den phobal | | | 2021 | 2020 |
| | Díobhálacha pearsanta [a] | Sárú ar pholasaithe AD/fostaíochta | Díobhálacha pearsanta [c] | Scéimeanna na Roinne [d] | Eile [e] | | |
| Líon na gcásanna | 22 | 2 | 8 | 5 | 14 | 51 | 498 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | 287 | — | 65 | — | 13 | 365 | 188 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a íocadh thar a ceann | | | | | | | |
| Cúiteamh | 306 | 12 | 1 | — | — | 319 | 3,856 |
| Costais dlí | 36 | 77 | — | 196 | 238 | 547 | 649 |
| Costais eile | 7 | — | — | — | — | 7 | — |
| **Iomlán 2021** | **636** | **89** | **66** | **196** | **251** | **1,238** | **4,693** |
| Iomlán 2020 | 291 | 15 | 183 | 4,126 | 78 | 4,693 | |

Nótaí

[a] Cásanna iomlána 22. Bhí suimeanna a íocadh i leith daoine aonair sa raon idir €10 agus €112,269.

[b] Cásanna iomlána 2. Bhí suimeanna a íocadh i leith daoine aonair sa raon idir €12,360 agus €76,743.

[c] Cásanna iomlána 8. Bhí suimeanna a íocadh i leith daoine aonair sa raon idir €53 agus €50,183.

[d] Cásanna iomlána 5. B'ionann an íocaíocht aonair is mó agus €169,161. Íocadh suim €3.539 milliún (439 gcás) le marthanóirí Neachtlanna Maighdilíneacha le linn 2021 (€3.566 milliún (458 gcás) in 2020). Ní raibh caingne dlí a rinneadh i gcoinne na Roinne i gceist le híocaíochtaí le marthanóirí Neachtlanna Maighdilíneacha agus tá siad eisiata ó fhigiúirí 2021.

[e] Cásanna iomlána 14. Bhí costais iomlána aonair sa raon idir €3,551 agus €66,163. Baineann 10 gcás le costais dlí le páirtithe eile. Baineann 2 chás le cinneadh ó chláraitheoir ceannfoirt (SR). Baineann na costais eile le Comhairleoir Dlí atá faoi chonradh ag an Roinn.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021**

| | Éilimh ag | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | fostaithe | | daoine den phobal | | | Iomlán |
| | Díobhálacha pearsanta | Sárú ar pholasaithe AD/ fostaíochta | Díobhálacha pearsanta | Scéimeanna na Roinne | Eile | |
| Líon na gcásanna | 8 | 2 | 2 | 5 | 12 | 29 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | 298 | — | 3 | — | — | 301 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | | | | |
| Cúiteamh | 36 | 17 | — | — | — | 53 |
| Costais dlí | 233 | 77 | — | 196 | 238 | 744 |
| Costais eile | 2 | — | — | — | — | 2 |
| **Iomlán 2021** | **569** | **94** | **3** | **196** | **238** | **1,100** |

## 6.2 Maoiniú ó AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar i bhFo-mhírchinn A.1 agus A.42 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá á gcómhaoiniú ag AE. Taifeadtar meastacháin agus fáltais iarbhír i Nóta 4.1, fo-mhírchinn 7, 14 agus 15.

| Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann: | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | €000 | €000 | €000 |
| Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama/Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta | 5000 | 5,000 | 17 |
| An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí | 460 | 3,928 | 5,235 |
| Clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EASI) | — | 374 | — |

Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama/Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) treoir airgeadais an Aontais Eorpaigh maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Is é misean ESF cabhrú le dífhostaíocht a chosc agus a throid, chun go mbeidh lucht saothair agus comhlachtaí na hEorpa níos feistithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus chun cosc a chur ar dhaoine teagmháil a chailleadh leis an margadh saothair. Bhí Clár Oibríochta PEIL ESF ar siúl ó 2014 go 2020 agus ba é ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh é chun na críche sin. In 2021, fuarthas €3 milliún agus €2 milliún ó ESF do scéimeanna JobsPlus agus Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair na Roinne faoi seach le haghaidh caiteachais le linn thréimhse PEIL. Is é an clár comharba ESF do PEIL ná Clár Oibríochta ESF+, agus beidh sé seo ar siúl ó 2021 go 2027.

**An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí**

Fuarthas maoiniú €3.9 milliún ó AE i ndáil leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD), rud a thacaíonn le gníomhartha thíortha AE chun cúnamh ábhartha (lena n-áirítear bia agus éadaí) a sholáthar do na daoine is díothaí. Tá caiteachas €26 mhilliún tabhaithe in oibriú an chláir seo suas go Nollaig 2021. Cuireann an tAontas maoiniú ar fáil do bhallstáit a thagann leis an maoiniú seo, faoi réir íosmhéid 15%. Tá caiteachas incháilithe go dtí an 31 Nollaig 2023.

**Clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta**

Is ionstraim mhaoinithe ar leibhéal AE é an clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EASI) chun ardleibhéal fostaíochta ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a chur chun cinn, chun coimirce shóisialach leordhóthanach agus réasúnach a ráthú, chun eisiamh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac agus chun dálaí oibre a fheabhsú. D'oibrigh an Roinn lenár gcomhghleacaithe leasa shóisialaigh sa Ghréig agus san Fhionlainn (agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha sna trí thír rannpháirteacha) chun tionscadal darb ainm "Lone Parents Digital Activation" a reáchtáil le cómhaoiniú ó AE faoin mbeart EASI. Is é €1,245,926.97 (80% de bhuiséad foriomlán an tionscadail) uasmhéid deontais AE don tionscadal agus clúdaíonn sé seo tréimhse cur chun feidhme tionscadail 30 mí ó mhí na Samhna 2021 go dtí Aibreán 2024. Tá RCS ag soláthar €105,000 mar chómhaoiniú, le suimeanna cómhaoinithe den chineál céanna ón bhFionlainn agus ón nGréig. Fuarthas an tráinse tosaigh €373,778 ó EASI i mí na Nollag 2021. Leanfaidh tuilleadh tráinsí ag na pointí 12 mhí, 24 mhí agus 30 mí (íocaíocht chothromaithe deiridh).

## 6.3 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí úis | **8** | **12** |

## 6.4 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas €1.2 milliún i gcaiteachas caipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas in 2021 a tugadh anonn go 2022.

| | €000 |
|---|---|
| **Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:** | |
| A.2 (v) Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 820 |
| A.2 (vi) Costais áitribh oifige | 380 |
| | **1,200** |

## Aguisín A An Roinn Coimirce Sóisialaí – Achoimre ar Chaiteachas Cláir

| | 2021<br>€milliún | 2020<br>€milliún |
|---|---|---|
| **Vóta 37** | | |
| **Ollchaiteachas** | **18,152** | **16,472** |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamhscéime** | | |
| Riarachán | (545) | (536) |
| Fóirdheontas CÁS | (2,606) | — |
| Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (59) | (56) |
| Seirbhísí ilghnéitheacha agus deontais don Choimisiún um Pá Íseal | (6) | (4) |
| **Caiteachas scéime Vóta 37 (A)** | **14,936** | **15,876** |
| | | |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | |
| **Ollchaiteachas** | **15,668** | **14,823** |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamhscéime** | | |
| Riarachán | (244) | (221) |
| Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (797) | (717) |
| **Caiteachas scéime an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)** | **14,627** | **13,885** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéime na Roinne (A+B)** | **29,563** | **29,761** |

## Miondealú ar chaiteachas scéime

| Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire | 2021 €milliún | 2020 €milliún |
|---|---|---|
| **Pinsin** | | |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) | 6,186 | 5,835 |
| Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | 1,083 | 1,049 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,651 | 1,586 |
| Deontas Méala | — | — |
| **Iomlán** | **8,920** | **8,470** |
| | | |
| **Aois Oibre - Tacaí Ioncaim** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 1,567 | 1,657 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | 561 | 565 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 336 | 416 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 25 | 48 |
| Sochar Máithreachais | 267 | 258 |
| Sochar Atharthachta, Sochar Tuismitheoirí agus Sochar Uchtála | 50 | 19 |
| Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | 95 | 115 |
| Cúnamh Feirme | 59 | 66 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 64 | 68 |
| Aois Oibre Eile - Tacaí Ioncaim | 15 | 18 |
| Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha | 43 | 41 |
| Sochair Chóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 116 | 92 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | 13 | 14 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 1 | 1 |
| Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim Covid-19 | 4,019 | 4,979 |
| **Iomlán** | **7,231** | **8,357** |
| | | |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | |
| Liúntas Cíosa | — | — |
| An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) | 6 | 5 |
| Neachtlanna Maighdilíneacha agus Íocaíochtaí i leith Institiúidí eile | 4 | 4 |
| Forlíonadh Cíosa | 123 | 133 |
| Pacáiste Sochar Teaghlaigh | 274 | 263 |
| Liúntas Tacaíochta Teileafóin | 18 | 18 |
| Liúntas Breosla | 316 | 290 |
| Saorthaisteal | 91 | 95 |
| **Iomlán** | **832** | **808** |

| | | |
|---|---|---|
| **Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta** | | |
| Clár Fostaíochta Pobail | 320 | 341 |
| Liúntas chun Filleadh ar Oideachas | 54 | 66 |
| Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair | 29 | 39 |
| TÚS – Scéim Socrúcháin Oibre Pobail | 79 | 84 |
| JobsPlus | 3 | 5 |
| Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta | 13 | 12 |
| Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige/Socrúchán Oibre | 1 | 2 |
| Scéim Shóisialta Tuaithe | 50 | 53 |
| Tionscnamh Post | 13 | 15 |
| Scéim Fostaíochta Áitiúla | 19 | 18 |
| Clubanna Post | 4 | 4 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 25 | 25 |
| Fóirdheontas Pá Covid-19 | 16 | 2,707 |
| Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta | 4,571 | 1,371 |
| **Iomlán** | **5,197** | **4,742** |
| | | |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 1,829 | 1,812 |
| Sochar Breoiteachta | 677 | 650 |
| Pinsean Easláine | 730 | 760 |
| Íocaíocht Cúramóra | 978 | 975 |
| Deontas Tacaíochta Cúramóra | 257 | 228 |
| Liúntas Cúramóra Baile | 202 | 193 |
| Scéim Fóirdheontais Pá | 16 | 18 |
| Sochar Míthreorach | 70 | 70 |
| Pinsean na nDall | 12 | 13 |
| Sochar Báis | 10 | 10 |
| Sochar Díobhála agus Cúram Leighis | 11 | 12 |
| Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais | 10 | 14 |
| **Iomlán** | **4,802** | **4,755** |
| | | |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 2,090 | 2,102 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Oibre | 338 | 377 |
| Díbhinn Teaghlaigh chun Filleadh ar Obair | 10 | 13 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | 52 | 54 |
| Béilí Scoile | 58 | 53 |
| íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | 33 | 30 |
| **Iomlán** | **2,581** | **2,629** |
| | | |
| **Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir** | **29,563** | **29,761** |

## Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Coimirce Sóisialaí

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ar dháta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Ciste Árachais Shóisialaigh | 2020 | 22 MF 2021 | 22 MF 2021 | 7 DF 2021 |
| An tÚdarás Pinsean | 2021 | 24 Meith 2022 | 28 Meith 2022 | — |
| An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 2020 | 20 Nollaig 2021 | 21 Nollaig 2021 | 30 Már 2022 |